



Údarás na  
Gaeltachta

## Scoláireacht i Mionfhiontraíocht agus Nuálaíocht

Tá Scoláireacht i Mionfhiontraíocht & Nuálaíocht a mhairfidh suas le dhá bhliain á tairiscint ag Údarás na Gaeltachta d'iaratasóirí Gaeltachta le hoiliúint fhoirmiúil agus taithí phraiticiúil a fháil i réimse oibre na forbartha fiontraíochta agus nuálaíochta.

Duine cumasach le cáilíocht 3ú leibhéal i ngnó, cuntasáíocht, sna dána, i bhforbairt pobail, riarachán, nó in earnáil ghaolmhar atá á lorg. Beidh líofacht i labhairt na Gaeilge agus cruinneas i scríobh na Gaeilge ag an té a cheapfar.

Ní mór scileanna ríomhaireachta agus scileanna eagrúcháin / anailíseacha ar ardchaighdeán a bheith ag iaratasóirí chomh maith le heolas cuí ar na meáin shóisialta. Bheadh eolas / tuiscint ar chúrsaí cuntasáíochta, agus / nó ar mheastóireacht a dhéanamh ar chuntais ina bhuntáiste. Beidh ceadúnas glan tiomána de dhíth chomh maith.

Dualgais:

- Cuidiú le cur i bhfeidhm straitéis, polasaithe, pleananna agus gníomhaíochtaí Mionfhiontraíochta & Nuálaíochta an Údaráis i nGaeltachtaí na Gaillimhe agus Maigh Eo,
- Ócáidí eolais agus oiliúna a eagrú d'fhiontraithe i nGaeltachtaí na Gaillimhe agus Maigh Eo,
- Tacaíochtaí praiticiúla, meantóireachta agus comhairle a chur ar fáil do mhionfhiontraithe sa réigiún,
- Tacaíocht a thabhairt d'fheidhmeannaigh na rannóige maidir le comhairle gnó agus maoinithe a chur ar fáil do ghnólachtaí sa cheantar,
- Éilimh ar íocaíocht faoi scéimeanna a phróiseáil agus a riaradh,
- Iarratais ar scéimeanna a bhainistiú agus a riaradh,
- Eolas ábhartha a scaipeadh ar mhionfhiontraithe, Eagraíochtaí Forbartha Pobail agus ar choistí deonacha na Gaeltachta faoi dheiseanna maoinithe agus srl. sna contaetha,
- Tacú le haidhmeanna agus le cuspóirí Straitéis an Údaráis a chur i bhfeidhm ar gach uile bhealach ábhartha.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig Údarás na Gaeltachta sna Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Íocfar liúntas de €23,000 - €25,000 leis an té a cheapfar.

Seol iarratas mar aon le CV trí Ghaeilge, roimh **4pm Aoine 21 Bealtaine 2021** chuig:

**An Rannóg Acmhainní Daonna & Forbartha Foirne, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.**

**Teileafón:** 091 503100 **Facs:** 091 503101 **Ríomhphost:** [foluntais@udaras.ie](mailto:foluntais@udaras.ie)

*Is fostóir comhionannais é Údarás na Gaeltachta  
agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.*